Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2017
(OR. en)

15553/17
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0276 (COD)**

| | |
|---|---|
| CODEC 2045 | EDUC 448 |
| ECOFIN 1105 | SOC 800 |
| POLGEN 165 | EMPL 612 |
| COMPET 864 | EF 335 |
| RECH 416 | AGRI 687 |
| ENER 506 | TELECOM 350 |
| TRANS 548 | UEM 343 |
| ENV 1054 | JAI 1182 |

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) 2015/1017 maidir le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón gComhairle maidir le rialachas**

Ní mheasann an Chomhairle gur gné chaighdeánach do shásraí maoiniúcháin é saineolaí a bheith i láthair ag cruinnithe bord amhail an Bord Stiúrtha, agus an saineolaí sin ceaptha ag Parlaimint na hEorpa. Meabhraíonn sí nár cheart go mbeadh saineolaí mar sin rannpháirteach i bpróiseas cinnteoireachta an chomhlachta lena mbaineann ar aon chuma.

Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle aird ar an bhfíoras gurb é príomhriachtanas an Bhoird Stiúrtha don chinnteoireacht, i láthair na huaire, go mbeadh aontoilíocht ann i measc na gcomhaltaí dá chuid a bhfuil vóta acu.

**Ráiteas maidir le hathúsáid aisíocaíochtaí agus ioncam ó ionstraimí airgeadais a bhunaigh an Ostair, an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Ísiltír, an tSlóivéin, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe faoin CAI roimhe seo**

I Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais tá rialacha soiléire maidir leis an bhféidearthacht go n-úsáidfí athshreabha ó ionstraimí airgeadais. De réir airt. 140(6), ní féidir aisíocaíochtaí bliantúla d'ionstraimí airgeadais a úsáid ach amháin leis an ionstraim airgeadais chéanna nó leis an ráthaíocht bhuiséadach chéanna, agus ag an am céanna cuirfear ioncaim isteach sa bhuiséad mar ioncam ginearálta.

I gcomhthéacs an phlé atá ar siúl i ndáil leis an athbhreithniú ar an rialachán airgeadais, ní mholtar aon athrú ar an riail ghinearálta seo i gcur chuige ginearálta na Comhairle. Ag an am céanna, de réir foráil nua a mholtar in airt. 202(2), d'fhéadfaí an méid atá fós le híoc den ioncam sannta faoi bhunghníomh atá le haisghairm nó le críochnú a ath-shannadh d'ionstraim airgeadais eile lena ndéantar cuspóirí comhchosúla a shaothrú, ach is eisiamh soiléir í an fhoráil seo agus maolaíonn sí ón riail ghinearálta. Ba cheart a thabhairt ar aird nach bhfuil an fhoráil seo infheidhme go fóill.

Mar sin, ba mhian leis na Ballstáit thuas a chur i dtreis maidir le maoiniú CEIS 2.0 le suim EUR 25 milliún ó na haisíocaíochtaí agus na hioncaim ó ionstraimí airgeadais faoi cheannteideal 1a a bunaíodh faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) roimhe seo, gurbh eisceacht iomlán é sin agus nár cheart féachaint air an aon bhealach mar fhasach don bhealach a gcaitear le hioncaim agus le haisíocaíochtaí amach anseo ó ionstraimí airgeadais a bunaíodh faoin CAI roimhe sin. Aon mholtaí amach anseo maidir le hathshreabha a athúsáid ó ionstraimí airgeadais, ba cheart iad a ailíniú go hiomlán leis an riail ghinearálta maidir le haisíocaíochtaí agus le hioncaim sa rialachán airgeadais.